# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Gradaim an Chathaoirligh




Ba iad Pleanáil Teanga Chonamara Láir buaiteoirí 'Gradam don Rannchuidiú is Fearr sa Ghaeilge' ag Ócáid bronnta Gradaim an Chathaoirligh 2024. Aithníonn an chatagóir seo na hiarrachtaí maidir le húsáid agus eolas na Gaeilge a chaomhnú, a chur chun cinn nó a mhéadú.

Bhraith na breithiúna go bhfuil seirbhís den scoth á chur ar fáil ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a spreagadh agus a neartú i measc an phobail ar fad idir óg agus aosta. Bhí na moltóirí an-tógtha leis an Scéim Buddies Gaeilge a bhíonn i bhfeidhm inár mbunscoileanna, agus leis na ranganna tacaíochta teanga Mol an Óige. Léirigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir cur chuige an-spreagúil maidir le heagrú na n-imeachtaí. Tá rud éigin ar fáil do gach duine, óg agus aosta agus tá tionchar dearfach ag an obair seo ar fad ar an bpobal.



# Féile Joe Éinniú

Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara tacú le Coiste Fhéile Joe Éinniú chun Seisiún Ceoil na nÓg a reáchtáil le linn an Fhéile i mbliana. Bhí deis ag ógánaigh ó Chonamara Láir, Dúiche Sheoigeach agus Cois Fharraige a gcuid tallan a roinnt agus éisteacht le ceoltóirí aitheanta.  Ina theannta sin bhí an t-ádh linn go raibh an cumadóir/scríbhneoir clúiteach Fearghas Mac Loclainn agus a iníon Anna i mbun Ceardlann Lúibíní. Léirigh siad an spraoi agus spórt is féidir leo a bheith acu i mbun na n-ealaíon agus iad ag cur chun cinn an cheoil, an t-aisteoireacht agus an traidisiúin, ar fad trí Ghaeilge.





## Ceardlann Bí Scríobh 's Bí ag Gabháil Fhoinn.

Don dara bliain as a chéile agus mar chuid d'Fhéile Joe Éinniú, bhí an-oíche againn i measc aíonna a bhfuil bua na scríbhneoireachta agus an cheoil acu in Ionad na nImirceach, Carna. Ba é Ciarán Ó Fátharta a bhí ina Fhear an Tí don ócáid. Chuir sé fáilte roimh gach éinne agus chuir sé chuile dhuine ar a gcompord. Chuala muid roinnt filíochta, amhránaíochta agus scéalta ó na haíonna cumasacha seo agus labhair siad ar an spreagadh a fuair siad ina saol. Le linn an trathnóna chuala muid dán nuachumtha le Ciarán ó Fátharta, dán le Jackie Mac Donnacha, amhrán le Seosamh Mac Donnacha, Éabha Breathnach, Colm Mac Séalaigh, Gearóid Ó Murchú agus Colm Seoige.

Buíochas do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a thug maoiniú i dtreo na ceardlainne, foireann Ionad na nImirceach, Clíona agus Ruadhán ó Tigh Mheaic, agus sibhse an pobal a thacaigh leis an ócáid. Mar a deirtear 'Bíonn dhá insint ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán'.



# 'An Stíl Mar a Bhí'



Ba chuairt bhreá bhríomhar cheolmhar a thug an grúpa ceoltóirí, fonnadóirí, damhsóirí agus aisteoirí ar Theach Altranais Charna le gairid. Bhí Pleanáil Teanga Chonamara Láir sásta tacú leis an ngrúpa Stíl Mar a Bhí atá faoi stiúir Sheán Madden. Nár laga Dia sibh.





# Tionól Chonradh na Gaeilge




Beidh Tionól Ghaeltachta Chonradh na Gaeilge ar siúl i gConamara Láir idir 27 - 30 Meitheamh 2024. Is croí-imeacht i bhféile bliana an Chonartha é an Tionól a thugann deis dár mbaill, dár gcraobhacha agus dár bpobal teacht le chéile agus cúpla lá a chaitheamh i gceantar Gaeltachta éagsúil gach bliain. Táimid ag súil go mór le bheith i gConamara Láir i mbliana, agus táimid an-buíoch as an gcúnamh, an comhoibriú agus an bhfáilte atá faighte againn go dtí seo ó na heagraíochtaí agus ón bpobal áitiúil. Tá an clár lán go béal le himeachtaí iontacha thar an deireadh seachtaine - idir siúlóídí treoraithe, ceardlann saibhris teangan, seimineár an Tionóil, turas ar Ionad Chultúrtha an Phiarsaigh, siamsaíocht ó cheoltóirí áitiúla, agus neart eile nach iad. Bígí linn!

# Ceardlann Dramaíochta

Bhí an t-ádh linn nuair a d'éirigh linn an t-aisteoir Caitríona Ní Dhomhnaill as an Spidéal a aimsiú chun Ceardlann aonuaire Drámaíochta a dhéanamh leis an aos óg i gConamara Láir. Bhain suas le hochtar páistí an-phíosa spraoi agus spóirt as an gCeardlann. Bhí siad i mbun cluichí cruthaitheacha & samhlaíocha chruthaigh siad sceitsí agus rinne siad obair foirne. Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir a mbuíochas a ghabháil le Aoife Ní Chonghaile agus Ealaíon na Gaeltachta a rinne cómhaoiniú ar an gCeardlann, Caitríona Ní Dhomhnaill a spreag na páistí ar bhealach cneasta, Ionad Pobail Chill Chiaráin a chuir an halla ar fáil dúinn agus ár ndóigh buíochas mór ag dul do na páistí a d'fhreastail. Tá súil againn borradh a chuir faoin Drámaíocht sa bhfómhar, bígí ag faire amach don fhógraíocht.







## Déantús Bodhrán - SPMD





Bhí ceardlann déanta bodhrán ag scoláirí na chéad bhliana, na dara bliana agus rang ceoil na triú bliana i mí Aibreán. Tháinig Michael Vingnoles chuig an scoil agus thaispeáin sé do na scoláirí conas bodhrán a chur le chéile. Fuair siad deis a mbodhrán féin a dhéanamh agus ndearadh pearsanta féin nó dearadh óna gcultúr, a n-oidhreacht nó a gceantar a chur leis. Eagraíodh an cheardlann mar imeacht C.S.T.S agus ceoil. Bhí muid chomh bhuíoch do Phleanáil Teanga Chonamara Láir a thug tacaíocht dúinn an togra seo a chur ar fáil do na scoláirí.

Céard a cheap na scoláirí? “Choinnigh an cheardlann seo muid an-ghníomhach agus sásta i rith an lae. An rud ab fhearr faoi ná go raibh muid in ann ár bpictiúr féin a chur ar an mbodhrán. Bhi iontas orainn go raibh orainn an bodhrán a chruthú muid fhéin. Cheap muid ar dtús go mbeadh sé deacair ach bhí an-chraic againn agus ní raibh sé deacair ar chor ar bith. Bhí an-lá againn agus ní dhéanfaidh muid dearmad air go brách.” Caoimhe Nic an Iomaire & Kate Enya Ní Cheallacháin

## Laochra Teanga mhí Aibreán




**Comhghairdeas mór le Conal Ó Cuirrín (Bliain 3) agus Sinéad Breathnach (Bliain 6) ó Scoil Phobail Mhic Dara, as a bheith ainmnithe mar Laochra Teanga na míosa.**

**Is mar seo a chuir Conal síos ar an t-aitheantas, ‘Bhí mé an-sásta gur bhuach mé an t-aitheantas Laochra Teanga. Is í an Ghaeilge mo chéadteanga agus is breá liom í a labhairt agus a choinneáil beo.’**


**Bhí Sinéad buíoch an t-aitheantas seo a fháil chomh maith agus dúirt sí ‘ Is í an Ghaeilge a labhraíonn mé go laethúil agus tá mé sásta go raibh na múinteoirí in ann é sin a thabhairt faoi deara freisin. Bhí uaireanta ann a raibh siad ag iarraidh orm stopadh ag caint chomh maith ... ach nach cuma tá cúpla pingin faighte agam dhá bharr!!’**

## Foghlaim trí Spraoi



Chuir Pleanáil Teanga Chonamara Láir tús le roinnt imeachtaí spraíúla faoi stiúir Allanah Ní Ghallachóir do pháistí ón Úcráin atá ina gcónaí sa cheantar. Tugann sé seo deis dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhealach spraíúil agus cabhróidh sé leo a bheith compordach ag labhairt na Gaeilge ar scoil agus sa phobal.






# Coistí Gaeilge 2023–2024

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir buíochas ó chroí a ghlacadh leis na scoláirí a bhí páirteach ar na Coistí Gaeilge i gColáiste na bPiarsach agus i Scoil Pobail Mhic Dara le linn na scoilbhliana 2023-2024. Ádh mór leo siúd ar fad atá i mbun scrúdaithe.
Súil go mbeidh Samhradh deas agaibh ar fad.





# CLUB MARA CHONAMARA LÁIR

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas as Beannú & Ainmniú na gcurach Dé Domhnaigh an 19/05/2024 a dhéanamh chomh speisialta.
Coiste Club Mara: Veronica Lydon, Valerie Quintero, Ciaran Spud Murphy & Pauline, Clíona Ní Chualáin, Donal Mac Donncha, (DJ), Ciarán Mac Donnacha (CJ), Bridget C Mc Tavish, Róisín Éinniú, Mae Casey, Sharon Ní Cheannabháin.  Tógálaithe Curach: Oisín O Brien, Jacob Conroy, Brian Ward, Mairtin Éinniú, Ruairí O'Neill, Bridgie, Veronica, Spud & Ciaráin (C.J).
Coiste Theach na mBád Tarrthála as an spás a thabhairt. Máirín Ulick & Foireann FCL Teo.
Coiste Oidhreacht Phobail GRETB, ceol leis An coiste & páistí óga ó chomhaltas charna 2023, Grace, Kate & Naoise, Máire Áine Ní Chuaig, Peadar Keane (Blathach) Páraic Canavan, Teaghlaigh agus cairde Baba; An tAthair Shane as beannú na gcurach, Cliona as an mbia a sholáthar, Paul Joyce & John Madden leis an páirceáil, Keith Ridge & Donal ag seoladh An Ciaráin; Veronica & Brenda Ní Chlochartaigh ag tabhairt aire do na páistí a bhí ag cadhcáil agus gach duine a thug cabhair ar an lá. Tá an t-ádh orainn go bhfuil sibh go léir inár bpobal. Go raibh míle maith agaibh.
Féach ar **www.clubmara.ie** le bheith páirteach sa gclub.








# Ard Fheis na nÓg - Coláiste na bPiarsach




Chaith na scoláirí trí lá gnóthach lán le scléip agus spraoi i measc a gcomh aoiseanna i gCorca Dhuibhne le deireanas. Bhí an deis acu aithne a chur ar scoláirí as scoileanna eile, a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla m.sh, spóirt, ceardlann díospóireachta, tráth na gceist, ceol agus céilí. Fuair siad blaiseadh de shaol an fhoghlaimeora nó an Ghaeilgeora ag fanacht le bean agus fear tí. Bhí béilí bréatha acu ina gcuideachta agus ba léir go ndeachaigh siad féin agus muintir an tí i gcionn ar a chéile. Ba mhaith linn ag an tráth seo, buíochas ó chroí a ghlacadh le pleanálaithe Teanga Chonamara Láir a chur tacaíocht ar fáil don imeacht áirithe seo. Is cinnte go ndeachaigh an ócáid chun tairbhe do na scoláirí ar fad agus go mbeimid páirteach arís an bhliain seo chugainn le cúnamh Dé. Molaimid go mór an t-imeacht seo. Foireann Choláiste na bPiarsach;

**Focal óna na scoláirí:**

'Ceapaim go raibh an trí lá a chaitheamar thíos i gCorca Dhuibhne, i gCiarraí iontach. Bhí sé go deas labhairt le scoláirí ó scoileanna difriúla ó fud fad na tíre. Bhí an áit a raibh muid ag fanacht go deas agus bhí muintir an tí an- cháirdiúil linn. Bhí cluichí spraíúla ann gach lá agus bhain mé an-taithneamh as'. Joseph Ó Maoláin

'Bhí neart craic agus spraoi againn thíos i gCorca Dhuibhne i ndeireadh mhí Aibreáin na bliana seo. Ba dheas an rud a bheith ag meascadh le dream as Gaeltachtaí eile thar timpeall na tíre. Ba thaithí iontach a bhí ann a bheith ag fanacht le bean tí ar nós a bhíonn na Gaeilgeoirí sa Samhradh i gConamara. Bhí radharcanna deasa le feiceáil thar timpeall Chorca Dhuibhne chomh maith'. Tomás Ó Laoi

# Taispeántas Cócaireachta

Cuireadh críoch leis an Taispeántas Cócaireachta a bhí á mhaoiniú ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir le gairid agus is mar seo a chuir duine de na rannpháirtithe síos ar na ceardlainne.



Chaith muid cúpla seachtain taitneamhach i gcuideachta Michael Moylan agus é i mbun ranganna cócaireachta san Ionad Pobail ar an gCaiseal. D'ullmhaigh sé go leor miasa álainn. Bhí neart éagsúlacht beatha in úsáid aige gach seachtain. Chuile thráthnóna bhí ar a laghad cúig miasa ar an mbiachlár aige. Réitigh sé príomhchúrsaí ag baint úsáid as sicín, uaineoil, muiceoil agus iasc. Réitigh sé sailéad, anraith, glasraí agus arán freisin. Chuile sheachtain chun críoch a chur leis an tráthnóna bhí milseog fíorbhlasta réitithe aige dúinn. Ní raibh aon anró ar Mhichael agus é i mbun a cheirde agus léirigh sé nach raibh mórán stró ag baint le béilí sláintiúla a chur ar an mbord. D'úsáid Michael go leor luibheanna úra agus spíosraí ina chuid cócaireachta a chur go mór le blas an bhéile. Tá Michael an-eolach faoi chúrsaí beatha agus bheadh fonn ort triail a bhaint as na hoidis éagsúla a thaispeáin sé dúinn. Bhíodh muid ag súil go mór leis an rang chuile Chéadaoin. Ní amháin gur fhoghlaim muid le miasa nua blasta a dhéanamh, bhí sé go deas aithne a chur ar dhaoine nua chomh maith agus cúpla focal Gaeilge a roinnt leis na foghlaimeoirí. Ba bhealach álainn a bhí ann le tráthnóna a chaitheamh agus tá súil agam go mbeidh cúrsaí eile mar seo ar siúl amach anseo. Míle buíochas le Michael agus le Pleanáil Teanga Chonamara Láir.





# Coirnéal Chomhrá



## Aoi na Míosa: Laoighseach Ní Choistealbha
## Ról/Post: Mac léinn PhD agus file

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort? 'Lucy Costello' a baisteadh orm sa bhaile i nDún na nGall agus glaoitear 'Lucy' fós orm ansin. 'Laoighseach' a bhaist mo mhúinteoir meánscoile orm sa rang Gaeilge agus úsáidim an leagan sin go minic freisin. Seans go bhfuil ainmneacha eile orm nach bhfuilim ar an eolas fúthu freisin... is fearr an t-aineolas uaireanta!**

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?**Roisín na Mainiach. Rugadh is tógadh mé in oirthear Dhún na nGall agus chaith mé deich mbliana i gcathair na Gaillimhe sular leandáil mé anseo.

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is iontach an rud é níos mó ná teanga amháin a bheith agat. Osclaíonn teangacha eile doirse i d'intinn: is cuma cén teangacha iad. Cé gurb í an Ghaeilge an dara teanga a d'fhoghlaim mé, tá bealach isteach agam ar rudaí anois nach bhfuil ar fáil i mBéarla. Faigheann tú tuiscintí eile ar rudaí, leagan eile den bheatha is dócha. Ba í an Ghaeilge an duais ba mhó a ghnóthaigh mé i mo shaol.

**4.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Bím ag scríobh mo PhD agus mo chuid filíochta as Gaeilge. Bím ag feidhmiú i nGaeilge den chuid is mó den am san ollscoil agus in oifig an tí.

**5.Céard é an béile is fearr leat?** Is deacair na prátaí a bhualadh! Prátaí nua bruite le slis mhór ime orthu. Ahh!

**6.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Cion agam ar an Phota i mBaile na hAbhann. Is breá liom Éan i lár na Gaillimhe freisin.

**7.Céard é an boladh is fearr leat?** Is breá liom an boladh a sceithtear sa teach nuair atá cáca baile san oigheann agat.

**8.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Ros na Rún, The Tommy Tiernan Show, Seal le Dáithí. Breathnaím ar rudaí ó am go céile is braithim go mór ar an TG4 / RTÉ Player.

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Nuair nach mbím ag scríobh, bím ag plé le healaín – péintéireacht, déanamh cártaí, priontáil lino, na rudaí sin ar fad. Is breá liom léitheoireacht freisin agus bíonn dhá nó trí leabhar idir chamáin agam go hiondúil. Nuair a bhím ar an 424 ar maidin bím ag léamh – caithfear an turas sin idir Carna agus Gaillimh a ídiú ar bhealach amháin nó eile.

**10.An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Chaith muid seal sa Ghleann Garbh, Co. Chorcaí, agus beidh cuimhne agam air sin go deo mar chuaigh muid ag cadhcáil. Chuaigh an rámha i bhfostú ar líne thar an abhainn, thiontaigh an bád, agus thit mé isteach san uisce brocach. Murab ionann is muintir Chonamara, níl cosa báid fúm.

**11.Cén cineál scannáin a bhfuil suim agat iontu?** Tá dhá choinníoll agam: 1) ní scannán uafáis é an scannán agus 2) is scannán maith é an scannán! An scannán is mó a thaitníonn liom ná an scannán Polannach Zimna Wojna ('Cogadh Fuar') le Paweł Pawlikowski.

**12.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach, cén sort leabhar a cheannófá?** Ceist dheacair dom. Achan chineál leabhar is dócha. Tá achan sheilf sa teach ag cur thar mhaoil le leabhair: filíocht an Bhéarla, filíocht na Gaeilge, úrscéalta, stair, srl. Ba cheart dom bheith barr-áilte ó shiopaí leabhar na cathrach.

**13.An noiméad den lá is fearr leat? Dul faoi na gréine.** Ag breathnú amach ó Achros i Roisín na Mainiach, tchíonn tú soilse Muighnse á lasadh i ndiaidh a chéile. Ciúnas na hoíche ag titim go réidh ort. Mothaíonn tú go bhfuil tú ar imeall na cruinne.

**14.An t-am den bhliain is fearr leat?** An geimhreadh. Maidin gheal – téann tú amach ag siúl agus bíonn an sioc ag cnagarnach faoi do bhróg. An solas íseal a léiríonn gné na talún duit. An t-aer chomh briosc le gloine.

**15.An chomhairle is fearr a tugadh duit?** Teastaíonn printíseacht agus tú ag plé le ceird ar bith, an fhilíocht san áireamh' .

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Christina Gannon, Leitir Mucú, a bhuaigh comórtas mhí Feabhra. Is í Paula Lydon, Oifigeach Turasóireachta Cósta Gaelach Chonamara & na hOileán, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Meitheamh chuig opt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

### Loch Con Aortha

*(seo leagan amháin)*

*Bhí draoí ina chónaí sa gcnoc tráth agus Mordán an tainm bhí air. Bhí cú aige le haghaidh aire a thabhairt do na caoirigh. Lá amháin lean an cú giorria. Léim an giorria isteach sa loch. Bhí snámh ag an ngiorria ach bádh an chú.*

## Seanfhocal na Míosa:

### Is minic a bhí cú mhall sona.

---

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**